



## Plécháipéis

### I dTreo cur chuige inbhuanaithe don Phróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht

#### 1. Réamhrá

Eascaíonn an plécháipéis seo as cruinniú a reáchtáladh i nGaillimh ar 17 Feabhra 2018 ar ar fhreasatíl ionadaithe ó choistí pleanála teanga Gaeltachta agus ionadaithe ón eagraíocht Teacht Aniar. Reáchtáladh an cruinniú chun plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le comhdháil náisiúnta a reáchtáil do Choistí Pleanála Teanga agus d’eagraíochtaí eile ar spéis leo an próiseas pleanála teanga Gaeltachta, próiseas atá á reáchtáil faoi Acht na Gaeltachta 2012.

Ag an gcruinniú sin aithníodh go bhfuil an cur chuige pleanála teanga atá beartaithe ag Stát na hÉireann nua agus radacach agus go bhfuil próiseas foghlama i gceist do gach duine agus gach eagraíocht atá ag plé leis: An Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus na Coistí Pleanála Teanga, san áireamh.

Mar thoradh ar seo, aithníodh go raibh go leor éiginnteachta ag baint leis na céad chéimeanna a glacadh sa phróiseas, de bharr easpa treorach agus treoracha a bheith ag athrú agus de bharr easpa saineolais i réimsí éagsúla na pleanála teanga san earnáil go ginearálta.

In ainneoin na ndeacrachtaí a chothaigh an éiginnteacht seo do na Coistí Pleanála Teanga, ó thús an phróiseas, aithníodh freisin go raibh an éiginnteacht ar cheann de láidreachtaí an phróiseas, mar gur thug sé deis, go pointe, do na grúpaí iad féin ionchur tairbheach a dhéanamh sa phróiseas agus, in amanna, an próiseas a mhúnlú i gcomhréir lena gcuid riachtanais féin.

Ag breathnú chun cinn, áfach, bhí an cruinniú aontaithe nach raibh an próiseas pleanála teanga mar a bhí sé á riaradh i láthair na huairé inbhuanaithe agus go gcaithfidh céimeanna a ghlacadh chun:

- Rianú a dhéanamh ar na príomhdhúshláin a bheas le sárú ag an bpróiseas sna 5 bliana amach romhainn agus bearta a cheapadh chun dul i ngleic leo.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde, i saineolas agus sna struchtúir atá de dhíth chun comhoibriú agus comhpháirtíocht bisiúil a chruthú i measc na bpríomheagraíochtaí atá bainteach leis an bpróiseas a riaradh agus a sheachadadh.

Mar bhealach chun tús a chur leis an obair seo, bheartaigh an cruinniú go ndéanfaí:

- (a) Príomhdhúshláin an phróiseas pleanála teanga, mar a fheictear iad faoi láthair, agus
- (b) Riachtanais fhorbartha inniúlachta (capacity building) an phróiseas

a rianadh sa bPlécháipéis seo agus go mbeadh an cháipéis seo mar bhunús don phlé ag an gComhdháil a reáchtálfar i mí Bealtaine 2018.

## 2. Príomhdhúshláin an phróiseas pleanála teanga, mar a fheictear iad faoi láthair

- Léibhéal agus easpa cinnteachta i dtaca leis an mhaoinithe atá agus a bheidh ar fáil don phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus do na réimsí eile a bhaineann leis, eadhon, an bonneagar fisiciúil agus cumarsáide, an fhorbairt fhiontraíochta, an córas oideachais, seirbhísí sláinte agus tacaíochtaí sóisialta, an bonneagar cultúrtha agus caitheamh aimsire, an turasóireachta 7rl.
- Doiléireacht agus inní faoi na freagrachtaí rialachais (mar shampla, cúraimí fostaíochta, árachais, sláinte agus sábháilteachta 7rl.) a d'fhéadfadh titim ar choistí deonacha pleanála teanga.
- Doiléireacht faoi sheasamh (cumhacht – *locus standi*) na gCoistí Pleanála Teanga nuair is gá plé a dhéanamh le heagraíochtaí poiblí eile maidir le:
  - (a) A n-ionchur sna pleananna áitiúla Gaeltachta.
  - (b) Comhchomhairliúcháin i dtaca le gnéithe d'fhorbairt phleananna eagraíochtaí poiblí a bhaineann leis an nGaeltacht i gcoitinne nó le pobail faoi leith atá lonnaithe sna limistéir phleanála teanga.
  - (c) Gnéithe de chur chuige na n-eagraíochtaí poiblí nach bhfuil i gcomhréir leis na pleananna atá/a bheidh aontaithe ag na Coistí Pleanála Teanga leis an Stát.
- Doiléireacht faoi cad a tharlaíonn má thrasnaíonn plean eagraíocht poiblí m.sh. plean Gaeltachta an Chomhairle Contae, ar phlean áitiúil atá aontaithe ag Coiste Pleanála Teanga leis an Stát – cé acu plean is údarasaí? An bhfuil údarás reáchtúil ag na Pleananna Áitiúla Gaeltachta?
- Easpa taighde agus rochtain ar thaighde ar fheidhmiú an phróiseas féin agus ar na gnéithe sin de shaol na Gaeltachta atá lárnach do thodhchaí na Gaeltachta, eadhon, iompar agus sóisialú teanga dhaoine óga agus fásta; oideachas Gaeltachta agus tumoideachas; tuismitheoirí agus teanga; todhchaí na fiontraíochta faoin tuath san aois seo; straitéisí inbhuanaithe do phobail tuaithe; turasóireacht chultúrtha agus teanga, oideachas agus fiontraíocht, 7rl.
- Easpa tuisceana agus spéise i measc an phobail sna tionscadail phleanála teanga.
- Easpa muiníne sa bpróiseas pleanála teanga de bharr nach bhfuil sé soiléar céard iad na torthaí a bhfuiltear ag súil leis, ná an mbeidh aon tairbhe ann don phobal má chuirtear na torthaí sin ar fáil.
- Róbhéim ar an leibhéal áitiúil amháin. Níl aon soláthar do scéimeanna gur gá a reáchtáil ag leibhéal contae, réigiúnach nó náisiúnta.
- Robhéim ar mhionsonraí agus ar fhigiúirí seachas ar fhiúntas agus inmharthanacht na moltaí.
- Níl aon soláthar déanta chun comhoibriú a chothú idir Coistí Pleanála Teanga Gaeltachta go náisiúnta, ná idir Coistí Pleanála Teanga Gaeltachta agus coistí pleanála teanga atá i mbun oibre sna bailte seirbhíse Gaeltachta agus i ngréasáin Ghaeilge eile ar fud na tíre.
- Níl rianú déanta ar an ualach oibre a théann le haon ghné den obair phleanála teanga ná ar an obair rialachais a ghabhann leis.
- Níl aon chaighdeán ná aon cháilíochtaí inniúlachta leagtha síos d'aon chuid den obair.
- Ní léir cén ceangal nó an bhfuil aon cheangal idir an próiseas pleanála teanga agus na cúraimí eile atá ar Údarás na Gaeltachta, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus an Rialtas trí Chéile (m.sh an fhorbairt fiontraíochta agus eacnamaíochta (Údarás na Gaeltachta) agus an Clár Éire Ildánach (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta). Agus níl sé soiléar cé ar atá an cúram na ceangail seo (más ann dóibh) a thabhairt chun éifeachta

- Tá easpa cothromaíochta – cumhachta agus measa – sa chaidreamh agus sa chomhoibriú atá idir na Coistí Pleanála Teana, Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Oileáin – níl ‘comhghuaillíocht cothrom’ i gceist. Níl sé soiléar cén áit a bhfuil na ‘cinntí’ á ndéanadh ná ‘cé’ atá á ndéanadh. Bíonn sé le mothú in amanna nach bhfuil i bhfoireann an Údaráis ach ‘teachtairí’ agus go mbíonn bagairt i gceist do chliaint chomharchumainn an Údaráis mura mbíonn siad sásta glacadh le treoir a bheith páirteach sa phróiseas faoi na téarmaí a chuirtear os a gcomhair.
- Níl comhthuiscint le braith idir an Roinn agus an tÚdarás agus na Coistí Pleanála Teanga maidir le céard atá ‘de dhíth.’
- Níl dóthain saineolas agus daoine le cáilíochtaí agus taithí cuí san earnáil i gcoitinne chun tabhairt faoin obair.
- Easpa treorach agus tacaíocht dóibh siúd atá ag obair ar an talamh – níl aon straitéis forbartha gairmiúil ná pleanáil gairme ar fáil do dhaoine atá ag obair san earnáil.
- Oiriúnacht na hoiliúna do mhúinteoirí agus do dhaoine gairmiúla eile a bhíonn ag obair sa réimse seo agus i réimsí eile sa Ghaeltacht.

### **3. Riachtanais fhorbartha inniúlachta (capacity building) an phróisis**

Ag an gcruinniú pléadh riachtanais fhorbartha inniúlachta an Phróiseas Pleanála Teanga Gaeltachta agus aontaíodh go ndéanfaí na riachtanais sin a phlé ag Comhdháil Náisiúnta a reáchtálar ar 25/26 Bealtaine 2018. Ag eascairt as na moltaí a déanadh ag an gcruinniú agus an tuiscint ar ‘fhorbairt inniúlachta’ atá léirithe in Aguisín 1 táthar ag moladh anseo go bhféachfaí leis na riachtanais fhorbartha inniúlachta seo a leanas agus a dtábhacht d’inhuanaitheacht an phróiseas pleanála teanga Gaeltachta a phlé:

#### **Struchtúr nó Eagraíocht Náisiúnta:**

- A chuirfidh comhairle, oiliúnt agus tacaíocht ar fáil do na Coistí Pleanála Teanga
- A fheidhmeoidh mar éascaitheoir sa phlé idir na Coistí Pleanála Teanga agus Eagraíochtaí Pleanála Teanga agus Grúpaí Pobail eile sa Ghaeltacht agus eagraíochtaí poiblí (m.sh. an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Comhairlí Contae, 7rl..)
- A fheidhmeoidh mar chomhfhostóir na nOifigeach Pleanála Teanga a bheidh fostaithe faoi stiúir na gCoistí Pleanála Teanga (mar a fhostaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna na múinteoirí a bhíonn ag obair faoi stiúir Bhoird Bhainistíochta na scoileanna).
- A dhéanfaidh cúram d’fhorbairt ionghairme na ndaoine atá ag obair in earnáil na pleanála teanga sa Ghaeltacht.
- A dhéanfaidh measúnú leanúnach ar éifeacht agus riachtanais inniúlachta an phróisis pleanála teanga.
- A chuirfidh comhairle ar Choistí Pleanála Teanga agus Eagraíochtaí Pleanála Teanga agus Grúpaí Pobail eile sa Ghaeltacht maidir leis na cúraimí rialachais atá orthu.

### **Clár taighde:**

- A dhéanfaidh measúnú agus anailís leanúnach ar fheidhmiú an phróiseas pleanála teanga, a láidreachtaí agus a laigí agus na torthaí a chuirtear ar fáil.
- A bhaileoidh faisnéis faoi chur chuigí pleanála teanga pobail agus eile ar fud na cruinne agus a chuirfeadh tábail na faisnéise sin i láthair do na hinstiúidí stáit agus pobail atá ag feidhmiú in earnáil na pleanála teanga – agus i láthair na ndaoine atá ag obair san earnáil – chun plé, díospóireacht, tionscintí nua, cur chuigí nua agus forbairt ghairmiúil a spreagadh.
- A chuirfidh léargas ar láidreachtaí agus laigí na pleanála teanga in Éirinn i láthair grúpaí pleanála teanga eile ar fud an domhain.

### **Straitéis Cumarsáide agus Margaíochta**

- A mhíneodh aidhmeanna agus buntáistí an phróiseas pleanála teanga don phobal go ginearálta, don lucht gnó agus d'eagraíochtaí spóirt agus pobal eile chun, chun a dtacaíocht d'aidhmeanna an phróiseas agus do bhuanú na Gaeilge sa phobal a threisiú.
- A chruthóidh muinín i measc an phobail sa Ghaeilge agus iontu fhéin mar phobal atá eisceachtúil agus sa Ghaeltacht mar cheantar ina bhfuil caighdeán ard maireachtála.

### **Tionsadail Comhpháirtíochta Bisiúil**

- A chuirfidh le dea-thoil, meas, comhthuiscint agus éifeacht chomhoibrithe na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas, ar a chéile agus dá chéile.
- A chruthóidh cumarsáid éifeachtach i measc na bpáirtithe leasmhara.
- A chothóidh caidreamh oibre idireagraíochta.
- A chumasóidh na páirtithe leasmhara chun déileáil le réimsí nach bhfuil soláthar dóthaineach déanta dóibh sa phróiseas pleanála teanga faoi láthair, m.sh.: cúram Leanaí, an teanga baile, an réamhscolaíocht, an phleanáil fhisiciúil, bonneagar na Gaeltachta, agus forbairt fiontraíochta.